# 1. Faisnéis faoin Dámhachtain do Thionscadail agus Léiriú Ceoldrámaíochta

## 1.1 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana

Is é cuspóir na Dámhachtana do Thionscadail agus Léiriú Ceoldrámaíochta tacú le tionscnaimh ó chleachtóirí gairmiúla maidir le forbairt agus cur i láthair ceoldráma ag trí chéim ar leith. Ar an gcaoi sin, spreagtar saothar ar ardchaighdeán ealaíonta a fhorbairt agus tacú le cur i láthair forbartha agus le léirithe iomlána ceoldrámaíochta gairmiúla lena mealltar an pobal chomh maith.

Is éard atá i gceist leis an dámhachtain tacú le déanamh agus le cur i láthair ceoldrámaí agus deiseanna a chur ar fáil d'ealaíontóirí de réir bheartas agus straitéis fhoilsithe na Comhairle Ealaíon le haghaidh na ceoldrámaíochta (ar fáil le híoslódáil ó rannán na bhfoilseachán ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon: http://www.artscouncil.ie).

I ngach ceann de thrí shnáithe na dámhachtana, tabharfar tús áite d'iarratais a léiríonn na rudaí seo a leanas:

- Fís ealaíonta shoiléir agus fianaise go bhfuil an tionscadal a bheartaítear ar ardchaighdeán ealaíonta nó gur dóigh go mbeidh sé ar ardchaighdeán ealaíonta.
- Mórdheiseanna forbartha do chleachtóirí ceoldrámaíochta gairmiúla
- Iarratais atá ag teacht go soiléir le tosaíochtaí beartais agus straitéise na Comhairle i gcomhair na ceoldrámaíochta.

Tabhair faoi deara: ba cheart iarratais ar léiriú a léiríodh ina iomláine cheana a thabhairt ar camchuairt, ba cheart do na hiarratais sin a chur chuig Scéim Camchuairte na Comhairle Ealaíon.

Leagtar tosaíochtaí breise amach thíos maidir le gach ceann de na trí shnáithe.

### Snáithe 1: Tionscadail Cheoldrámaíochta: Forbairt Tionscadail

Is é cuspóir an tsnáithe um Fhorbairt Tionscadail tacú le healaíontóirí agus le foirne cruthaitheachta saothar úr a fhorbairt (nó, ó am go chéile, cuir chuige nua shuntasacha i leith léiriú saothar atá ann cheana féin a fhorbairt). Sa snáithe seo, cé gur chóir go mbeadh an saothar le taispeáint don phobal ar deireadh, níl aon riachtanas ann an saothar a chur i láthair lucht féachana.

Tabharfar tús áite sa snáithe seo freisin do thograí:

- Ina ndírítear ar smaointe nua a fhorbairt go comhoibríoch trí nuálaíocht agus trí thriail
- Deiseanna forbartha suntasacha a chur ar fáil do chleachtóirí
- Ina bhfuil fianaise ar bhéim ealaíne ardchaighdeáin. Cuirfear cuntas teiste na bpríomhealaíontóirí san áireamh.

### Snáithe 2: Tionscadail Cheoldrámaíochta: cur i láthair forbartha & léiriú iomlán ar scála níos lú

Is iad príomhchuspóirí an tsnáithe seo:

- An bealach a réiteach le saothar gairmiúil a chur i láthair an phobail mar chuid de phróiseas cruthaitheach forbartha

- Fianaise agus spreagadh a thabhairt d’fhonn tacú le deiseanna le haghaidh léiriú iomlán níos faide anonn
- Tacú le léiriú agus cur i láthair iomlán saothair ar scála beag.

Caithfidh tionscadail sa snáithe seo a bheith ag plé le lucht féachana atá oiriúnach do nádúr an tsaothair. D’fhéadfadh tograí a bheith le haghaidh léiriú iomlán, taibhiú ceardlainne nó taibhiú ceolchoirme ar shaothar iomlán nó ar chuid de shaothar. D’fhéadfadh fuaimthaifeadadh nó fístaifeadadh a bheith sna tograí mar chuid den tionscadal, de réir mar is cuí. Moltar d’iarratasóirí a bheith ag smaoineamh ar lucht féachana a bhaint amach trí mhodhanna éagsúla.

<u>Ní mór</u> d’iarratasóirí aonair faoin snáithe seo a bheith ábalta a chur in iúl go soiléir go bhfuil an tionscadal (an ghné léirithe phoiblí san áireamh) indéanta, go hidéalach ar bhonn tiomantas comhpháirtíochta ó léiritheoir sainoilte, amhail compántas léiriúcháin, amharclann/ionad, féile atá bunaithe cheana agus/nó eagraíocht ealaíon eile.

Tabharfar tús áite sa snáithe seo do thograí:

- Ar tionscadail ealaíonta ardchaighdeáin iad ina léirítear cur chuige láidir samhlaíoch; cuirfear samplaí ábhartha de shaothar agus cuntas teiste na bpríomhealaíontóirí atá i gceist san áireamh.
- A chuirtear i láthair os comhair pobal cuí, agus plean soiléir chun an pobal sin a bhaint amach
- A bhaineann le ceoldrámaíocht nua a fhorbairt agus a chur i láthair
- A bhaineann le heagráin nua taibhithe de cheoldrámaí stairiúla na hÉireann a ullmhú agus a chur i láthair go poiblí
- A léiríonn fianaise gur féidir an tionscadal a chur i gcrích go rathúil, e.g. trí chuidiú ó chomhpháirtíochtaí breisluacha, agus fianaise ar bhuiséadú agus pleanáil fhónta léiriúcháin

### Snáithe 3: Léiriú Ceoldrámaíochta

Is é cuspóir an snáithe um Léiriú Ceoldrámaíochta tacú le léiriúcháin iomlána ghairmiúla ar cheoldrámaí iomlána de shaothar nua nó de shaothar atá ann cheana féin, ar scála meánach nó níos mó agus d’aon seánra, a bhaineann lucht féachana beo agus lucht féachana eile amach agus a dhéanann teagmháil leo, agus deiseanna a chur ar fáil d’ealaíontóirí ceoldrámaíochta gairmiúla sa phróiseas. Cuirfear fáilte roimh iarratais ina bhfuil gnéithe atá deartha go maith d’fhonn luchtanna féachana nua do cheoldrámaí a mhealladh agus a fhorbairt.

Agus luchtanna féachanna á mealladh, díríonn an dámhachtain ar chur chuige comhoibritheach a spreagadh maidir le léiriúchán ceoldráma ardchaighdeáin atá bunaithe ar chomhpháirtíochtaí breisluacha idir ealaíontóirí, léiritheoirí agus láithreoirí.

Ní mór d’iarratasóirí a bheith in ann caighdeán féideartha an léiriúcháin a thaispeáint **agus** straitéisí agus pleananna daingne, inchreidte a léiriú a bheidh ábalta raon agus rannpháirtíocht an phobail a mhéadú a oiread agus is féidir trí léiriú beo agus trí bhealaí eile chun lucht féachana a chruthú.

Agus iad ag smaoineamh ar thograí, cuirfidh an Chomhairle Ealaíon cothromaíocht sa réimse agus i gcineál an cheoldráma atá le maoiniú san áireamh, mar aon leis an méid a théann tograí i ngleic le stór agus rannpháirtíocht an phobail lena mbaineann tábhacht don

